GW3
02-2013_BG

Comhairle Contae Chiarraí
Kerry County Council

GRÚPSCÉIMEANNA SOLÁTHAIR UISCE - Meabhrán Mínithe
GROUP WATER SUPPLY SCHEMES - Explanatory Memorandum

EOLAS GINEARÁLTA

Tagraíonn an t-eolas sa mheabhrán mínithe seo do ghrúpa de dhá shealbhóir tí nó níos mó a thagann le chéile chun uisce a sholáthar dóibh féin in áit nach bhfuil aon tsoláthar ann cheana féin (nó go bhfuil an mór-easnamh ar an soláthar).

Tá buntáistí agus coigilt ann do ghrúpa comharsana a bheartaíonn uisce a thabhairt i bpíopaí isteach ina dtithe ó fhoinse amháin:-
Tá deontas de 85% den chostas, faoi réir ag teorainn de €6475.66 an teach, le fáil ón Údarás Áitiúil. Tá breis eolais ar na deontais atá ar fáil - rátaí speisialta deontais do Ghrúpscéimeanna Uisce sa Ghaeltacht san áireamh - tugtha in Aguisín 1.
Ní mór a rá áfach, chun teacht ar dheontas gur gá don soláthar uisce dul chomh fada le buacaire tí ar theorann an tí nó áitribh ar a laghad. I limistéir shainithe CLÁR sa chontae, ina bhfuil dlús daonra an-íseal d'fhéadfadh maoiniú breise a bheith ar fáil.
Tá treoir maidir leis na riachtanais chánach d'íocaíochtaí i leith na ndeontas a ghabhann le Grúpscéimeanna Uisce agus Séarachais, ó Mhárta 1988 i leith, in Aguisín 2.

Tá na deontais ceaptha tríd is tríd chun na híocaíochtaí a choimeád réasúnta íseal, agus i gcásanna áirithe, is féidir saothar áirithe deonach a chur san áireamh. Déantar tástálacha sula dtosaítear ar an obair chun iontaofacht na foinse a dhearbhú ó thaobh sláinte agus soláthair de. Déanann foireann teicneolaíoch an Údaráis Áitiúil scrúdú ar phleananna agus ar dhearadh na scéime chun

1 GENERAL INFORMATION

The information contained in this explanatory memorandum relates to a group of two or more householders getting together to provide themselves with a water supply where no such supply (or a seriously deficient supply) already exists.

2 The piping of water from a single source by a group of neighbours to their homes offers many advantages and economies:-
The Local Authority gives a grant of 85% of the cost subject to a limit of €6,475.66 per house. Further details of the grants available - including special rates of grants for Group Water Schemes in Gaeltacht areas are set out in Appendix 1. It must be stressed however, that in order to be reckonable for grant assistance, the water supply should, at a minimum, extend to a stopcock at the curtilage of the house or dwelling. In designated CLÁR areas of the county where the housing density is very low, Group Water Schemes may qualify for additional funding. A guide to the tax related requirements from March 1988 for payment of Group Water and Sewerage Scheme Grants is set out in Appendix 2.

3 The grants available generally ensure that contributions are kept at a reasonable level and in some cases, may include a small element of voluntary labour. Before work goes ahead tests are carried out to establish the reliability of the source from a health and yield viewpoint. To ensure that the highest standard of construction and performance is reached, the technical staff of the Local

ardchaighdeán tógála agus acmhainne a dheimhniú. Tá innealtóirí na nÚdarás Áitiúil ar fáil chomh maith le comhairle a chur ar Ghrúpaí, le linn na hoibre, maidir le haon deacrachtaí a éiríonn.

Authority will examine the plans and design of each scheme. The Local Authority and their engineers are available to advise groups during progress of the work on any difficulties that may arise.

CONAS CUR CHUIGE

Is féidir grúpscéim a chur ar bun, le cead an Údaráis Áitiúil

i gceantair nach bhfuil sé i gceist ag an Údarás Áitiúil tabhairt fé scéim phoiblí

i gceantair gur féidir freastal orthu tríd cur le príomhlíonra reatha an Údaráis Áitiúil

i gceantair go bhfuil beartaithe ag an Údarás Áitiúil uisce poiblí a sholáthar níos faide anonn. Sna cásanna seo ní mór na scéimeanna a dhearadh sa chaoi gur féidir iad a cheangal den chóras poiblí in am trátha.

Más suim leat féin agus le do chomharsana scéim den chineál seo ba cheart daoibh:

Ní mór tosnú le coiste de sheisear nó níos lú a roghnú agus eagraí fuinniúil a chur ina bhun le gach uile ghnó idir an grúpa agus an Chomhairle Contae a riar.

Ar an gcéad dul síos ba chóir don eagraí scríobh chuig Oifig an Chláir Uisce Tuaithe, Na Seirbhísí Uisce, Áras an Chontae, An Ráth Theas, Trá Lí, agus a rá go bhfuil sé i gceist grúpscéim a eagrú.

4 HOW TO GO ABOUT IT

Group schemes may be carried out, subject to the approval of the Local Authority

(a) in areas where the Local Authority do not propose to carry out a public scheme

(b) in areas which can be served by extensions of existing Local Authority watermains

(c) in areas where the Local Authority intend at a later stage to provide a public water supply
In such cases schemes should be designed so as to be capable of being integrated with the public scheme in due course

If you and your neighbours are interested in a scheme you should proceed as follows:

The starting point is the selection of a committee comprising of not more than 6 people and headed by an energetic group organiser who will conduct all necessary business between the group and the Local Authority.

The organiser should write in the first instance to the Rural Water Programme Office, Water Services, Kerry County Buildings, Rathass, Tralee, Co Kerry giving notice of the intention to formulate a Group Water Supply Scheme.

AIRGEADÚ

Íocann na rannpháirtithe an difríocht idir na Deontais Stáit agus Costas na scéime in airgead tirim agus/nó i saothar deonach nach lú ná 15% de chostas na Scéime
Is tábhachtach an rud é cúrsaí airgid a shocrú i dtosach báire. Beidh caipiteal oibre ón eagraí chun na costais a éireoidh i dtosach an

5 FINANCING

The balance of the cost of a scheme net of State Grants is met by participants by way of cash contribution and is generally at least 15% of the cost of the scheme.
It is important to arrange money matters at the outset. The organiser will want working capital to meet the expense involved in the

fhiosraithe a ghlanadh agus ba mhaith é dá mbaileofaí suim airgid ó gach aon duine de na rannpháirtithe a luaithe agus a dhéantar cinneadh dul ar aghaidh leis an scéim. Meastar go mbeadh sé stuama síntiúis na rannpháirtithe a bhunú (a) ar luacháil nó (b) ar tháille comhréidh ar gach aon teach ag cur san áireamh tosca éagsúla airgeadais bhaill an ghrúpa agus réimse an tsaothair dheonaigh a dhéanfaidh siad i ngach cás ar leith.

Agus an obair ag dul ar aghaidh beidh gá le hairgead chun díol as ábhair agus as saothar. B'fhéidir go mbeadh teacht ag an ngrúpa ar ábhair ar chairde, agus tharlódh sé go bhféadfaí rótharraingt sealadach bainc a shocrú. Tá údarás anois ag an Údarás Áitiúil réamhíocaíochtaí a dhéanamh le cabhrú le soláthar chórais phríobháideacha uisce.

EAGRÚCHÁN

Agus grúpscéim uisce á eagrú is é an chéad rud go gcaithfear tabhairt faoi ná foinse oiriúnach a aimsiú. Agus foinse aimsithe is gá tástáil a dhéanamh ar acmhainn agus ar chaighdeán na foinse féachaint an féidir leor-sholáthar d'uisce inólta a tháirgeadh chun freastal ar riachtanais tí na rannpháirtithe ar fad. Dá mhéid é líon na rannpháirtithe i gcomhréir leis an méid uisce atá ar fáil ag an bhfoinse, is ea is saoire a bheidh an Scéim. Bunaítear méid an deontais ar chostas an tí agus is gnách é sin a bhaint amach trí líon na dtithe sa scéim a roinnt isteach san ollchostas. Ba chóir, ó thús, é a bheith mar aidhm ag an ngrúpa go gceanglófaí gach uile theach i gceantar na scéime den chóras. Sa tslí seo coinneofar an costas chomh híseal agus is féidir.

Agus an fhoinse tástáilte agus faofa is féidir leis an nGrúpa síntiús tosaigh a bhailiú ó gach aon teach ionas gur féidir innealtóir a fhostú chun an scéim a dhearadh agus a leagan amach. Ní mór faomhadh ón Údaráis Áitiúil don dearadh. Déanfaidh seo deimhin de go mbeidh an dearadh ag teacht le plean an

preliminary stages of investigation and he/she would be well advised to collect a sum of money from each participant when it is decided to go ahead with the scheme. It is suggested that a practical way to apportion the individual cash contributions from participants would be (a) on a valuation basis or (b) at a flat rate per house - due regard being made to the varying financial circumstances of the members of the group.

Money will be required as work progresses to meet the cost of materials and wages. Materials may possibly be obtained on the credit of the group as a whole, and it may also be possible to arrange temporary overdraft accommodation with a bank. The Local Authority now has power to make repayable advances to assist the provision of private water supplies.

6 ORGANISATION

In organising a Group Water Supply Scheme, the first hurdle is to find a suitable source. When a possible source is located, it will be subjected to quantity and quality tests to make sure that it will produce a satisfactory supply of potable water which will be adequate to meet the requirements of all the participants. The larger the number of participants involved consistent with the amount of water available at source, results in the scheme being more economical. The grant is based on the cost per house, which is generally obtained by dividing the all-in cost by the number of houses in the scheme. The aim of the group should be to secure, at the outset, 100% connections from the householders in the area to be served by the group scheme. In this way, the cost of the scheme will be kept at a minimum.

When the source has been tested and approved, the group collect an initial contribution from each house so that an Engineer may be engaged to prepare a design for the scheme. The Local Authority must approve the design. This procedure ensures that designs are in line with the Local

údaráis féin maidir le soláthar uisce don cheantar. I gcásanna áirithe bíonn gá le leasuithe ar dhearadh d'fhonn iad a bheith oiriúnach níos déanaí lena nascadh le forbairtí eile atá déanta cheana féin, nó atá beartaithe, don cheantar.

Ní mór meastacháin a lorg agus a roghnú agus costais na scéime a mheas don obair de réir mar atá leagtha síos sa dearadh. Ní mór don eagraí síntiús airgid na rannpháirtithe uile a bhailiú ansin **sular** féidir na deontais chuí a dháileadh. Ní mór don Ghrúpa cuntas a oscailt i mbanc áitiúil, in ainmneacha na n-iontaobhaithe atá ceaptha ag na baill, agus an t-airgead a bhailíodh a lóisteáil ann. Ina dhiaidh sin íocfar gach aon deontas Stáit díreach isteach sa chuntas sin.

TÓGÁIL

A luaithe agus a eisítear deimhniú ón Údarás Áitiúil ag rá cad é iomlán an Deontais Stáit is féidir tosú ar an obair ar choinníoll go bhfuil Ceadúnas Oscailte Bóthair faighte ón gComhairle Chontae agus fós go bhfuil an t-árachas cuí i bhfeidhm.

Cuireann an tÚdarás Áitiúil líon agus méid na ndeontas atá le dáileadh in iúl don Chraobh bainc atá ainmnithe ag an nGrúpa.
Íoctar na deontais ina ngálaí ar sheachadadh ábhair ar an láithreán agus pro rata le dul chun cinn na scéime.
Is é an cuntas bainc dá bhrí sin ciste oibre an Ghrúpa agus is as a íoctar as dearadh, ceannach ábhar etc.

Íocfar na deontais deireanacha nuair a dhearbhóidh Innealtóir an Údaráis Áitiúil go bhfuil soláthar uisce curtha isteach i ngach teach agus go bhfuil an Scéim ag feidhmiú go sásúil.

COTHABHÁIL SCÉIMEANNA CRÍOCHNAITHE

De ghnáth déanann an tÚdarás Áitiúil iarracht féachaint chuige go mbeidh airgead sa bhanc ag na Grúpaí ar chríochnú na Scéimeanna dóibh. As seo de ghnáth a íoctar as

Authority's own water supply proposals for the area. In some instances, changes have to be made in the designs so that schemes can be integrated at a later stage with regional developments in or planned for the area.

On the basis of the approved design, a minimum of three quotations must be sought and selected for the work and the cost of the scheme estimated. At this stage, the collection of the necessary cash contributions to be made by the participants must be completed by the group organiser before the appropriate grants may be allocated. The group must open an account in a local bank in the names of the trustees appointed by the members, lodging the cash collections to start the account. Subsequently, all State Grants are paid directly into this account.

7 CONSTRUCTION

When the Local Authority's certificate indicating the total amount of the State Grant is issued to the group, work can then start provided that the group has obtained the necessary Road-Opening Licence from the Local Authority, and the necessary Insurances have been taken out.
The Branch bank nominated by the group is informed by the Local Authority of the number and amount of the grants being allocated. Grants are paid in instalments when materials are delivered on the site and pro-rata with the rate of progress on the scheme. The bank account is, therefore, the working fund from which the group makes payments to cover the cost of design, purchase of materials, etc.

The final grants will be paid when the Local Authority's engineer confirms that a water supply is installed in each house and the scheme is working satisfactorily.

8 MAINTENANCE OF COMPLETED SCHEMES

The Local Authority tries to arrange matters so that the group generally has a credit balance on hand when the scheme is completed. Expenditure on repairs and

deisiúchán, athnuachan, billí leictreachais srl. De ghnáth íocann rannpháirtithe suim chomhaontaithe in aghaidh na bliana isteach sa chuntas chun na críche seo.
Moltar go láidir go nglacfadh Grúpaí le rialacha maidir le cothabháil agus feidhmiú na Scéimeanna a luaithe agus is féidir tar éis tosú na Scéimeanna d'fhonn cur amú, mí-úsáid uisce, etc a sheachaint. Tá rialacha samplacha ar fáil (Foirm G.W. 31) ach iad a iarraidh.

replacements, E.S.B. bills, etc., would ordinarily come out of this account. In most cases participants pay an agreed amount annually into the account for this purpose.
It is advisable for the group to adopt rules for the maintenance and operation of their scheme as soon as possible after work has commenced - so as to prevent wastage, misuses of water, etc.
Outline rules (Form G.W. 31) can be obtained on request.

AGUISÍN 1
Rátaí deontais Ghrúpscéimeanna
a thosaítear ar nó roimh an 27ú Márta 2000.

APPENDIX 1
Rates of grants for group schemes
commenced on or after 27th March 2000.

CEANTAIR LASMUIGH DEN GHAELTACHT
85% den chostas faoi réir
ag uasmhéid de €6475.66 an teach

NON-GAELTACHT AREAS
85% of cost subject to a maximum grant of
€6,475.66 per house

CEANTAIR GHAELTACHTA
85% den chostas faoi réir
ag uasmhéid de €6475.66 an teach

Is féidir go mbeadh deontas breise
suas le 10% den chostas ach
gan dul thar €761.84 an teach ar fáil ón
Roinn Ealaíon, Oidhreachta & Gaeltachta.

GAELTACHT AREAS
85% of cost subject to a maximum grant of
€6,475.66 per house

The Department of Arts, Heritage & Gaeltacht may make additional grants up to 10% of the cost to a value of not more than €761.84 per house.

AGUISÍN 2
Treoir maidir le Riachtanais Chánach ón 1ú Márta, 1988 le go n-Íocfar Deontais ar Ghrúpscéimeanna Uisce agus Séarachais

MÍR A
An Conraitheoir
Iarratais a dhéantar ar nó tar éis an 1ú Márta, 1988 ní mór Teastas Reatha C2 nó Teastas Imréitigh Cánach ó na Coimisinéirí Ioncaim a thabhairt don Údarás Áitiúil i leith Conraitheoir(í) an Ghrúpa atá fostaithe chun an obair thógála a dhéanamh.
Dá réir sin ba chóir bailíocht na dteastas sin a dheimhniú roimh ghlacadh le meastacháin

APPENDIX 2
Guide to Tax Related Requirements from 1st March, 1988 for Payment of Group Water & Sewerage Scheme Grants

SECTION A
Re: The Contractor
For grant applications received on or after 1st March, 1988 it is necessary that a current C2 certificate or a Tax Clearance Certificate from the Revenue Commissioners be submitted to the Local Authority in respect of a group's Contractor(s) engaged to perform the construction work. The position in relation to such certificates should

/conarthaí don obair. Sa chás nach bhfostaítear conraitheoir agus gurb iad an Grúpa féin a dhéanfaidh an obair beidh Teastas Imréitigh Cánach ag teastáil do gach ball ar leith.

accordingly be confirmed prior to tender/contractor stage of the work. Where a contractor is not engaged and the group undertake the work themselves, a Tax Clearance Certificate will be required for each of the individual group members.

MÍR B - AN GRÚPA

Do Dheontais suas le €12,697.38

I gcás gach aon Scéim Séarachais, agus Scéim Uisce a bhaineann le hábhar, beidh ar na hiontaobhaithe a rá ar an bhfoirm iarratais cad é Ceantar Cánach na Grúpscéime agus cad é a n-uimhir thagartha (is féidir é seo a fháil amach ón gcigire cánach áitiúil), agus a dheimhniú ar an bhfoirm go bhfuil cúrsaí cánach na Grúpscéime mar is ceart chomh fada lena n-eolas.

SECTION B - THE GROUP

Where Grants up to €12,697.38 apply

In the case of all relevant Group Sewerage Schemes and Group Water Schemes, it will be necessary for the Trustees to insert on the application form the Group Scheme's tax district and reference number (this information may be obtained from the local inspector of taxes), and to state on the form whether to the best of their knowledge, the group scheme's tax affairs are in order.

Do Dheontais os cionn €12,697.38

Nuair is mó ná €12,697.38 na deontais do Ghrúpscéim Uisce, agus do gach aon Ghrúpscéim Séarachais a bhaineann le hábhar, caithfear Teastas Reatha Imréitigh Cánach i leith na Grúpscéime a chur ar fáil.

Where Grants Exceeding €12,697.38 apply

Where grants for all relevant Group Sewerage Schemes and Group Water Schemes exceeds €12,697.38, it will be necessary for a current Tax Clearance Certificate from the Revenue Commissioners to be provided in respect of the group scheme.

NÓTA

Cuirfear in iúl don Ghrúpa an íocfaí deontas níos mó ná €12,697.38 sula ndéantar aon deontas a dháileadh.

(1) The group will be advised of whether grant payments might exceed €12,697.38 prior to the allocation of grants.

Nuair is mó ná €12,697.38 na deontais cuirfidh an tÚdarás Áitiúil foirm T.C.1 ar fáil le heisiúint ag an nGrúpa do na Coimisinéirí Ioncaim d'fhonn an Teastas Glanta Cánach cuí a fháil.

(2) Where grants exceed €12,697.38 a form T.C.1 will be provided by the Local Authority for issue by the group to the Revenue Commissioners to obtain the necessary Tax Clearance Certificate.

Ní dhéanfaidh an tÚdarás Áitiúil aon deontas a dháileadh go bhféachfar leis na nithe seo thuas a shocrú.

(3) The Local Authority will not allocate grants until the above matters have received attention.

Roinn na Seirbhísí Uisce,
Comhairle Contae Chiarraí, Áras an Chontae,
Ráth Teas, Trá Lí, Co. Chiarraí.

Water Services Department,
Kerry County Council, Áras an Chontae, Rathass,
Tralee, Co. Kerry.